

Polasaí Iontrála

Is Iarbhunscoil do bhuachaillí agus do chailíní í Coláiste Cholmcille faoi iontaobhacht Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin.

Is í misean agus aidhm na scoile ná freastal ar riachtanais oideachasúla na scoláirí ionas go mbainfidh siad amach na torthaí is fearr atá ar a gcumas; freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féin-mhuinín, féin-mheas agus forbairt mhórála a chothú; meas a chothú san oidhreacht, teanga agus cultúr Gaelach agus atmaisféar cairdiúil agus spreagúil a chur ar fáil sa scoil.

Réasúnaíocht agus Comhthéacs Dlithiúil:

Is í aidhm an pholasaí seo ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí ann ionas gur féidir le Coláiste Cholmcille cinneadh oscailte, trédhearcach a dhéanamh maidir le gach iarratas. Déanfaidh bainistíocht an Choláiste cinneadh ar chlárú scoláirí de réir Polasaí Iontrála na Scoile, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht Oideachais (Leas) 2000, na hAchtanna um Chomhionannas 2000 – 2004 agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004.

Córas Iarratais: Scoláirí ag tosnú sa Chéad Bhliain:

Clárú: Tá foirmeacha iarratais ar fáil in oifig na scoile nó ar an suíomh idirlín, www.colaistecholmcille.ie. Tabharfaidh ionadaithe ón scoil cuairt gach bliain ar na bunscoileanna in abhantrach na scoile. Dáilfear foirmeacha iarratais ar na daltaí i Rang 6. Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí teacht go dtí an Lá Oscailte/Oíche Eolais. Beidh fógra maidir leis an dáta seo ar na meáin chumarsáide áitiúil.

Critéir Iontrála:

- Tá Coláiste Cholmcille oscailte do scoláirí a chuireann iarratas isteach roimh an 1 Aibreán.
- Caithfear an t-iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
- Má theipeann ar an iarrthóir an t-eolas iomlán agus cuí a chur ar fáil, d'fhéadfaí an t-iarratas a dhiúltú.
- Iarrfar ar thuismitheoirí agus ar scolairí a dheimhniú, i scríbhinn, go nglacann siad le Cód Iompair na scoile.
- Caithfidh go bhfuil sé ar chumas an scoláire an cúrsa a leanacht trí Ghaeilge.

- Ní mór don scoláire a bheith dhá bhliain déag d’aois ar/roimh an lá a thosaíonn sé/sí sa chéad bhliain.

Má bhíonn níos mó iarratais faighte roimh an 1 Aibreán ná mar a bhíonn áiteanna sa scoil (nó i ranganna áirithe m.sh. ábhair phraiticiúla) tabharfar tús áite d’iarrthóirí san ord tosaíochta seo a leanas:

- Scoláirí in abhantrach na scoile.
- Scoláirí a bhfuil, nó a raibh, deartháir nó deirfiúr acu sa scoil.
- Mac nó iníon le ball foirne.
- Mac nó iníon le tuismitheoir a d’fhreastal ar an scoil.

Tairiscintí: Cuirfidh bainistíocht na scoile in iúl do thuismitheoirí laistigh de 21 lá den dáta deiridh cláraithe an bhfuil áit faighte ag an scoláire. Déanfar measúnú ar gach scoláire a ghlacann le áit. Déanfar é seo chun cuidiú leis an scoil freastal ar riachtanais indibhidiúla gach scoláire (N.B. ní critéir iontrála é cumas acadúil an scoláire).

Iarratais ó Scoláirí ag aistriú ó Scoil Dara-Leibhéal eile:

Ní ghlacfar le hiarratais ó scoláirí atá ag aistriú ó scoil dara-leibhéal eile tar éis tús na scoilbhliana (ach amháin i gcásanna eisceachtúla). Cuirtear na pointí seo leanas san áireamh sul a ndéantar iarratas a mheas.

- Spás a bheith sa rang.
- Na hábhair cuí a bheith ag an scoláire chun curaclam na scoile a leanacht.
- Foirm iarratais a bheith líonta amach go hiomlán.
- An tuairisc scoile is deireanaí, torthaí scrúdaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna agus teastas sásúil iompair ó Phríomhoide na scoile eile a chur ar fáil.
- Deimhniú i scríbhinn ón tuismitheoir agus ón scoláire go nglacann siad le Cód Iompair na scoile.

Iarratais ó Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachasúla:

Is í polasaí na scoile riachtanais phearsanta an scoláire a aithint comh luath agus is féidir.

- Beidh cóip de thuairisc siceolaíochta an scoláire ag teastáil.
- Déanfar teagmháil leis an Scoil Náisiúnta chun stair oideachasúil an scoláire a fháil.

Cuireann bainistíocht na scoile in iúl go nglacfar le scoláirí le riachtanais speisialta sa scoil má chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna na hacmhainní cuí ar fáil. Gan an soláthar sin, cuirfear an t-iarratas ar athló go gcuirtear na hacmhainní ar fáil.

Cosaint Sonraí:

Tá sonraí ar bith a chuirtear ar fáil do Choláiste Cholmcille ar an bhfoirm iarratais faoi chosaint ag an Acht um Chosaint Sonraí (1988) agus an Acht um Chosaint Sonraí (leasaithe 2003).

Ceart Achomhairc:

Tá cead ag tuismitheoir achomharc a dhéanamh le Bord Bainistíochta na Scoile sa chás go ndiúltaítear cead iontrála do scoláire de réir fhorálacha mhír 29 den Acht Oideachais 1998.

Faofa ag Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe 31/03/11